V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11239 — EDF / CREDIT MUTUEL / ILE-DE-FRANCE BUILDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 328/07)

1. An 8 Meán Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— SAS C91 (an Fhrainc), atá faoi rialú ag cuideachta Électricité de France ('EDF', an Fhrainc),

— La Française Real Estate Managers ('La Française', an Fhrainc), atá faoi rialú la Caisse Régionale Crédit Mutuel Nord Europe (an Fhrainc), ar comhalta den ghrúpa Crédit Mutuel (France) é féin,

— Foirgneamh atá suite in Ile-de-France ('le Bâtiment', an Fhrainc).

Gheobhaidh EDF agus Crédit Mutuel rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Le Bâtiment ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— EDF: atá gníomhach, sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch, i dtáirgeadh agus i mórdhíol leictreachais, i dtarchur, i ndáileadh agus i soláthar leictreachais, i soláthar seirbhísí eile a bhaineann le leictreachas agus, ar bhonn níos lú, i dtáirgeadh agus i mórdhíol agus i miondíol gáis,

— Crédit Mutuel: atá gníomhach i soláthar seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, go príomha sa Fhrainc. Trína fhochuideachta La Française, cuireann an grúpa Crédit Mutuel seirbhísí bainistíochta eastáit réadaigh ar fáil.

3. Is foirgneamh oifige agus tráchtála é Le Bâtiment atá suite ag 111, avenue de France, 75013 Páras, an Fhrainc.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11239 — EDF / CREDIT MUTUEL / ILE-DE-FRANCE BUILDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.